**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesarbeitsgericht (an Ghearmáin) a taisceadh an 7 Nollaig 2022 – I GmbH v J R**

**(Cás C-749/22)**

(2023/C 45/22)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesarbeitsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* I GmbH

*Freagróir:* J R

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 7 de Threoir 2003/88/CE ([1]) agus Airteagal 31(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta ar dá réir nach gá saoire bhliantúil íoctha, a chuir an fostaí isteach uirthi agus a cheadaigh an fostóir agus a fhorluíonn, ó thaobh ama de, le coraintín baile arna ordú, tar éis na saoire sin a bheith ceadaithe, ag na húdaráis inniúla mar gheall ar amhras maidir le hionfhabhtú, a dheonú go cúlghabhálach, cé nach bhfuil sé dodhéanta don fhostaí obair le linn an choraintín mar gheall ar bhreoiteacht?

([1]) Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 i dtaobh gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre (IO 2003 L 299, lch. 9).

---

**Achomharc arna thabhairt an 15 Nollaig 2022 ag Airoldi Metalli SpA i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a fógraíodh an 5 Deireadh Fómhair 2022 i gCás T-1/22, Airoldi Metalli SpA v an Coimisiún**

**(Cás C-764/22 P)**

(2023/C 45/23)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Airoldi Metalli SpA (ionadaithe: M. Campa, avvocato, D. Rovetta, avocat, P. Gjørtler, advokat, V. Villante, avvocato)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— a dhearbhú go bhfuil an t-achomharc seo inghlactha;

— Ordú na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022, i gCás T-1/22, Airoldi Metalli Spa vs. an Coimisiún Eorpach a chur ar ceal agus a dhearbhú go bhfuil an chaingean arna tabhairt ag Airoldi Metalli Spa inghlactha;

— an cás a chur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar shubstaint chaingean Airoldi Metalli Spa;

— a ordú don Choimisiún Eorpach costas dlíthiúil an achomhairc reatha agus an nós imeachta ag an gcéad chéim a íoc.